Juvenes Translatores - Rialacha an Chomórtais

RÉAMHRÁ 2

1. SEOLADH AN CHOMÓRTAIS 2

2. CLÁRÚ NA SCOILEANNA 2

3. ROGHNÚ NA SCOILEANNA 4

4. ROGHNÚ AGUS CLÁRÚ NA RANNPHÁIRTITHE 5

5. LÁ AN CHOMÓRTAIS FÉIN 7

6. MEASÚNÚ AR NA hAISTRIÚCHÁIN 8

7. FÓGAIRT NA mBUAITEOIRÍ AGUS NA nDALTAÍ DÁ dTUGTAR 'MOLADH SPEISIALTA' 9

8. SEARMANAS BRONNTA AGUS TURAS 3 LÁ CHUN NA BRUISÉILE 9

9. LÉIRMHÍNIÚ AR NA RIALACHA AGUS AR NA TREORACHA 10

An bhfuil tuilleadh eolais uait? 11

RÉAMHRÁ

Tá *Juvenes Translatores*, an **comórtas bliantúil aistriúcháin ar líne** do mheánscoileanna san Aontas Eorpach, á reáchtáil ag Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin (AS an Aistriúcháin) an Choimisiúin Eorpaigh ó bhí 2007 ann.

Seo iad **príomhchéimeanna an chomórtais**:

1. seoladh an chomórtais
2. clárú na scoileanna
3. roghnú na scoileanna
4. roghnú agus clárú na ndaltaí
5. lá an chomórtais féin
6. measúnú ar na haistriúcháin
7. fógairt na mbuaiteoirí agus na ndaltaí dá dtugtar 'moladh speisialta'
8. searmanas bronnta do na buaiteoirí, mar chuid de chuairt 3 lá ar an mBruiséil.

Leagtar amach thíos rialacha mionsonraithe an chomórtais agus treoracha i dtaca le gach céim den phróiseas.

1. SEOLADH AN CHOMÓRTAIS

Seolann Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin an comórtas ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores, áit a bhfógraíonn sí lá an chomórtais agus an t-am tosaithe cruinn do na rannpháirtithe uile.

Foilseofar eolas ar na meáin shóisialta freisin:

- Facebook: https://www.facebook.com/translatingforeurope
- Instagram: https://www.instagram.com/translatingforeurope

2. CLÁRÚ NA SCOILEANNA

Más mian le do scoil páirt a ghlacadh ann, ní mór di **clárú** ar **ardán an chomórtais** le linn na tréimhse clárúcháin.

Foilseofar an nasc chuig ardán an chomórtais ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores agus ar na meáin shóisialta nuair a bheidh an clárú ar oscailt. Ní ghlacfar le foirmeacha neamhiomlána ná déanacha.

Más mian le do scoil páirt a ghlacadh sa chomórtas, ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.

Níl cead ach ag **meánscoileanna** a bheith páirteach sa chomórtas.

Níl an comórtas oscailte dóibh seo a leanas:

- scoileanna ina múintear teangacha amháin i ranganna oíche;
- eagraíochtaí a chuireann cúrsaí teanga de chineál ar bith eile ar fáil nach cuid den churaclam meánscoile iad.

Chun páirt a ghlacadh sa chomórtas, **ní mór don scoil na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh**:

- a bheith lonnaithe **i mBallstát den Aontas**;
- a bheith aitheanta ag údaráis oideachais aon Bhallstáit amháin nó níos mó den Aontas;
- idir **beirt agus cúigear rannpháirtithe a rugadh sa bhliain a shonraítear ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores** a chlárú;
- **rochtain ar an idirlíon** a bheith aici;
- **an trealamh teicneolaíochta** cuí a bheith aici.

Ní mór do mhúinteoirí seachas daltaí scoileanna a chlárú. Sula ndéantar an clárú, ní mór don mhúinteoir atá freagrach **cead an phríomhoide a fháil gur féidir leis an scoil a bheith páirteach sa chomórtas.** Ní cheadaítear ach **aon chlárú amháin in aghaidh na scoile**.

Agus an scoil ag clárú, ní mór an méid seo a leanas a sholáthar:

- ainm agus seoladh oifigiúil na scoile;
- ainm an mhúinteora atá freagrach, agus
- seoladh ríomhphoist bailí amháin ar a laghad.

Toisc gurb é **an seoladh ríomhphoist sin an t-aon mhodh cumarsáide** a bheidh againn leis an scoil, is den tábhacht é an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an bosca ríomhphoist a sheiceáil go rialta (agus an bosca dramhphoist a sheiceáil ó am go chéile freisin), agus
- a chinntiú nach bhfuil sé lán.

Ní mór don scoil cuntas a chruthú, agus ainm úsáideora agus pasfhocal dá cuid féin in úsáid aici, agus na réimsí is gá don chlárúchán a líonadh isteach. Beidh an t-ainm úsáideora agus an pasfhocal de dhíth gach uair a logálfar isteach ar ardán an chomórtais, mar shampla, chun rochtain a thabhairt do rannpháirtithe ar lá an chomórtais.

Ní mór ainm oifigiúil na scoile a chur isteach ina iomláine, agus úsáid á baint as ceannlitreacha agus aon litir shonrach agus diaicriticí sonracha is gá i dteanga na scoile. Mar shampla: *Ukmergės Šilės Ševičiaus gimnazija*. Ná húsáid giorrúcháin.

Trí chlárú, geallann an scoil go gcloífidh sí le rialacha agus treoracha an chomórtais agus, má roghnaítear í, go n-eagróidh sí an comórtas ar áitreabh na scoile ar an dáta a shonraítear ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores.

Tá an méid seo a leanas san áireamh leis sin:

- rannpháirtithe **a rugadh sa bhliain a shonraítear ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores** a roghnú agus a chlárú**;**
- cead a thabhairt do dhaltaí páirt a ghlacadh sa chomórtas;
- na háiseanna cuí, an trealamh teicneolaíochta cuí agus foireann a chur ar fáil don chomórtas aistriúcháin;
- a chinntiú go bhfuil na rannpháirtithe agus a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí, ar an eolas faoi na rialacha agus na treoracha seo agus go n-aontaíonn siad leo;
- a chinntiú go reáchtálfar an comórtas faoi dhálaí córa neamhchlaonta, agus
- i gcás ina mbeidh rannpháirtí ón scoil ar dhuine de na 27 mbuaiteoir, am saor ón scoil a thabhairt don bhuaiteoir agus dá mhúinteoir chun freastal ar an searmanas bronnta, mar chuid de chuairt 3 lá ar an mBruiséil.

Má roghnaítear an scoil don chomórtas, toilíonn sí go bhfoilseofar a hainm ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores.

Ní mór don scoil a chinntiú freisin go bhfuil an trealamh teicneolaíocha cuí aici, agus go bhfuil an trealamh ag feidhmiú i gceart:

- Ríomhaire amháin in aghaidh an rannpháirtí
- An méarchlár ceart don sprioctheanga
- Caithfear an trealamh teicneolaíochta a shocrú in am trátha roimh thús an chomórtais
- Nasc idirlín (1 Mbit/s ar a laghad)
- Na riachtanais theicniúla do na ríomhairí:
  - ❖ Córais oibriúcháin:
    - Windows 11 nó leagan níos déanaí
    - macOS 15 nó leagan níos déanaí
  - ❖ Brabhsálaithe:
    - Chrome 149 nó leagan níos déanaí
    - Firefox 151 nó leagan níos déanaí
    - Safari 18 nó leagan níos déanaí
    - Edge 148 nó leagan níos déanaí
    - Opera 130 nó leagan níos déanaí

Níor cheart go mbeadh **aon bhreiseán** ar na brabhsálaithe, cuir i gcás bacairí fógraí nó seiceálaithe litrithe. Ba cheart JavaScript a bheith cumasaithe.

Ní mór don scoil aon chostas áitiúil a bhaineann le heagrú an chomórtais a chlúdach.

Mura gcomhlíonann an scoil na gealltanais sin d'fhéadfaí í a eisiamh ón gcomórtas.

3. ROGHNÚ NA SCOILEANNA

Nuair a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse chlárúcháin, déanfar **tarraingt leictreonach randamach** chun scoileanna a roghnú don chomórtas as measc na scoileanna a chláraigh.

Beidh an líon scoileanna a roghnófar ó gach Ballstát cothrom leis an líon suíochán atá ag an mBallstát i bParlaimint na hEorpa:

Ballstát	Scoileanna
an Ostair	20
an Bheilg	22
an Bhulgáir	17
an Chróit	12
an Chipir	6
an tSeicia	21
an Danmhairg	15
an Eastóin	7
an Fhionlainn	15
an Fhrainc	81
an Ghearmáin	96

an Ghréig	21
an Ungáir	21
Éire	14
an Iodáil	76
an Laitvia	9
an Liotuáin	11
Lucsamburg	6
Málta	6
an Ísiltír	31
an Pholainn	53
an Phortaingéil	21
an Rómáin	33
an tSlóivéin	9
an tSlóvaic	15
an Spáinn	61
an tSualainn	21
IOMLÁN	**720**

Chun críocha an roghnúcháin sin, **áireofar scoileanna i dtreo chuóta an Bhallstáit ina bhfuil an scoil lonnaithe**. Mar shampla an scoil Spáinneach *IES Liceo español* 'Luis Buñuel' atá suite sa Fhrainc, chuirfí i gcuntas i gcuóta na Fraince í.

Foilseofar liosta de na scoileanna a roghnaíodh ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores **faoi dheireadh mhí Deireadh Fómhair** agus cuirfear múinteoirí ar an eolas trí ríomhphost.

Is liosta críochnaitheach an liosta sin agus **ní féidir dul ina aghaidh**. Má tharraingíonn scoil roghnaithe siar nó mura bhfuil scoil in ann páirt a ghlacadh sa chomórtas, áfach, is féidir áit na scoile sin a líonadh tar éis an dara tarraingt randamach as measc na scoileanna cláraithe ón mBallstát céanna sin, a fhad agus atá an t-am agus na hacmhainní ann chuige sin. Sna cásanna sin, ní thabharfar an liosta a foilsíodh ar an suíomh gréasáin cothrom le dáta, ach cuirfear an scoil ar an eolas go díreach.

4. ROGHNÚ AGUS CLÁRÚ NA RANNPHÁIRTITHE

I gcás ina roghnaítear do scoil sa tarraingt leictreonach randamach, ní mór don mhúinteoir ainmneacha na rannpháirtithe agus a bpéirí teangacha roghnaithe (an teanga ar mian leo aistriú uaithi agus an teanga ar mian leo aistriú chuici) a chlárú ar ardán an chomórtais faoin **sprioc-am a shonraítear ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores**. Beidh cead ag gach scoil a roghnófar idir **beirt agus cúigear rannpháirtithe** a chlárú.

Mura gcláraíonn an scoil idir beirt agus cúigear rannpháirtithe faoin sprioc-am, tabharfar an áit do scoil eile atá ag fanacht ar roghnúchán. Má tharlaíonn sé ar chúis éigin nach féidir le do scoil páirt a ghlacadh sa chomórtas, cuir na heagraithe ar an eolas a luaithe is féidir.

Ní féidir na rannpháirtithe ná na péirí teangacha a athrú tar éis an sprioc-ama sin.

Ba cheart do gach scoil a roghnófar **idir beirt agus cúigear rannpháirtithe** a chlárú, agus ní mór dóibh na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- rugadh iad **sa bhliain a shonraítear ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores**;
- tá siad **cláraithe go buan sa scoil**.

Is é is cuspóir do riail na bliana breithe coinníollacha comhionanna a chruthú, agus difríochtaí i gcórais oideachais Ballstát den Aontas a chur san áireamh.

Ní mór don scoil **péire teangacha** gach rannpháirtí a shonrú, is é sin an teanga óna n-aistreoidh an rannpháirtí agus an teanga a n-aistreoidh sé isteach inti:

- *bunteanga* = an teanga óna n-aistreoidh siad;
- *sprioctheanga* = an teanga a n-aistreoidh siad chuici.

Tá cead ag gach rannpháirtí aistriúchán a dhéanamh ó aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais go dtí aon cheann eile de na teangacha sin. Is iad seo **teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh**:

Bulgáiris (BG)	Eastóinis (ET)	Gaeilge (GA)	Portaingéilis (PT)
Cróitis (HR)	Fionlainnis (FI)	Iodáilis (IT)	Rómáinis (RO)
Seicis (CS)	Fraincis (FR)	Laitvis (LV)	Slóvaicis (SK)
Danmhairgis (DA)	Gearmáinis (DE)	Liotuáinis (LT)	Slóivéinis (SL)
Ollainnis (NL)	Gréigis (EL)	Máltais (MT)	Spáinnis (ES)
Béarla (EN)	Ungáiris (HU)	Polainnis (PL)	Sualainnis (SV)

Ní mór an péire teangacha is rogha do gach rannpháirtí a chur isteach le linn na tréimhse chlárúcháin do rannpháirtithe ar ardán an chomórtais. Cinntigh go gcláraítear an fhaisnéis sin i gceart agus déan teagmháil leis an eagraí láithreach má tá aon neamhréireacht ann.

Molaimid go láidir do rannpháirtithe aistriú *isteach* ina dteanga dhúchais nó an teanga is fearr eolas acu uirthi. Ní mór an teanga sin a bheith ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh atá liostaithe thuas.

Ní mór don scoil a chur in iúl do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí gach rannpháirtí go mbeidh sé nó sí ag glacadh páirt sa chomórtas.

Féadfaidh na scoileanna a gcritéir féin a leagan síos maidir le rannpháirtithe a roghnú, ar choinníoll go bhfuil na critéir sin soiléir, cóir agus neamh-idirdhealaitheach. Má mheasann Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin go bhfuil critéir dhoiléire, éagóracha nó idirdhealaitheacha in úsáid ag scoil, féadfaimid a chinneadh an scoil a chur as an áireamh don chomórtas.

Ní ceadmhach do scoileanna idirdhealú a dhéanamh ar fhoras ar bith, idirdhealú i leith **daltaí atá faoi mhíchumas** san áireamh. Tuigeann foireann Juvenes Translatores go mb'fhéidir gur ghá socruithe speisialta a dhéanamh chun go bhféadfaidh rannpháirtithe atá faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa chomórtas faoi dhálaí córa cothroma. I gcás ina bhféadfadh na socruithe sin teacht salach ar na rialacha seo, déan teagmháil le foireann Juvenes Translatores chun cead a fháil roimh ré, agus tabhair tuairisc ar an gcás agus ar na socruithe atá beartaithe. Mar shampla, i gcás ina ndéanann míchumas dalta difear dá luas clóscríofa, rud a fhágann go mbeidh am breise de dhíth.

Cinnteoidh AS an Aistriúcháin go ndéanfar aon sonraí pearsanta a gheofar i gcomhthéacs Juvenes Translatores a láimhseáil i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí. Tá eolas níos mionsonraithe faoin gcosaint sonraí pearsanta ar fáil i ráiteas príobháideachais Juvenes Translatores.

5. LÁ AN CHOMÓRTAIS FÉIN

Ní mór an comórtas aistriúcháin a reáchtáil ar áitreabh na scoile agus ní mór é a reáchtáil sna scoileanna uile atá ag glacadh páirte ar an dáta agus ag an am a shonraítear ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores.

Ní mór do na rannpháirtithe uile logáil isteach ag an am céanna ar ardán an chomórtais lena n-ainm úsáideora agus pasfhocal féin (a sheolfar chuig an múinteoir freagrach trí ríomhphost nuair a bheidh na rannpháirtithe cláraithe don chomórtas).

A luaithe a bheidh na rannpháirtithe logáilte isteach, feicfidh siad láithreach an buntéacs sa teanga a roghnaigh siad ar scáileán a ríomhaire. Féadfaidh siad an t-aistriúchán a chlóscríobh ansin sa bhosca taobh leis an téacs foinseach. **Le linn dóibh a bheith ag aistriú, ba cheart dóibh cuimhneamh ar an téacs a shábháil go rialta.**

Ní mór don scoil a chinntiú go bhfuil an timpeallacht TF ag obair mar is ceart, agus ní mór di gach iarracht a dhéanamh chun a chinntiú go reáchtálfar an comórtas faoi dhálaí córa neamhchlaonta.

Is iad na scoileanna atá freagrach as eagrú fisiceach na gcomórtas ar a n-áitreabh féin, na socruithe praiticiúla uile a dhéanamh lá an chomórtais san áireamh, i.e.:

- na rannpháirtithe a chruinniú le chéile san ionad scrúdaithe
- a chinntiú go bhfuil an trealamh teicneolaíochta cuí agus nasc idirlín ag gach rannpháirtí
- a n-ainm úsáideora/pasfhocal féin a thabhairt do na rannpháirtithe (a shanntar do gach rannpháirtí tráth a gcláraithe) chun go mbeidh rochtain acu ar ardán an chomórtais agus gur féidir leo an téacs a aistriú
- maoirseacht a dhéanamh ar na rannpháirtithe le linn an chomórtais, go háirithe lena chinntiú nach mbainfear úsáid as aon áis/uirlis aistriúcháin a bheadh in aghaidh na rialacha a shonraítear thíos, agus
- a chinntiú go sábhálann na rannpháirtithe a n-aistriúchán agus go gcuireann siad isteach ag deireadh an chomórtais é.

Is uirlisí fíor-riachtanacha gairmiúla iad foclóirí, agus dá bhrí sin, **is ceadmhach do rannpháirtithe foclóirí páipéir agus foclóirí ar líne a úsáid**. Is ceadmhach idir fhoclóirí aonteangacha agus fhoclóirí dátheangacha a úsáid.

***Ní ceadmhach* na rudaí seo a leanas a úsáid**:

- seiceálaithe litrithe
- uirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe
- meaisínaistriúchán (e.g. Google Translate, DeepL)
- Intleacht shaorga (IS).

Má bhaintear úsáid as aon cheann de na huirlisí sin thuas, déanfar an t-aistriúchán lena mbaineann a dhícháiliú.

Ní mór do na rannpháirtithe an obair a dhéanamh ina n-aonar (ní i mbeirteanna ná i bhfoirne) agus níl cead ag na múinteoirí cuidiú leo.

Ní mór na haistriúcháin a dhéanamh le linn an ama oifigiúil atá sannta don chomórtas.

Lasmuigh den chomórtas, tá cead ag scoileanna na téacsanna aistriúcháin a úsáid chun críoch oideachais, mar shampla, chun comórtas inmheánach a eagrú an tráth céanna. Aon

aistriúchán a dhéanfar lasmuigh den chomórtas, níor cheart é a chur chuig Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin. Ní féidir ardán an chomórtais a úsáid chun na críche sin.

Sula mbeidh an t-am istigh, ní mór do na rannpháirtithe an t-aistriúchán a shábháil agus a chur isteach ar ardán an chomórtais. Gheobhaidh siad teachtaireacht uathoibrithe lena ndeimhnítear gur éirigh leo an t-aistriúchán a chur isteach.

Más mian leo, is féidir leis na rannpháirtithe an t-aistriúchán a phriontáil. Beidh an múinteoir atá freagrach in ann féachaint ar na haistriúcháin shábháilte ar ardán an chomórtais, ar an leathanach dar teideal 'forléargas rannpháirtithe'.

Mura féidir le rannpháirtí a aistriúchán a chur isteach mar a leagtar amach thuas, ar chúiseanna nach bhfuil smacht ag an scoil orthu, seol ríomhphost chuig DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu chun treoracha a fháil.

Ba cheart dhá uair an chloig ina n-iomláine a bheith ag gach rannpháirtí chun an t-aistriúchán a dhéanamh. I gcás ina gcuirtear moill suas le 15 nóiméad ar logáil isteach rannpháirtí, ar chúiseanna teicniúla, ba cheart an méid comhfhreagrach ama a thabhairt dó ag an deireadh.

Má bhíonn an mhoill sin níos faide ná 15 nóiméad, áfach, ní bheidh tú in ann an t-aistriúchán a chur isteach ar ardán an chomórtais a thuilleadh – ina ionad sin, ní mór duit é a sheoladh chugainn trí ríomhphost (féach thuas) **láithreach bonn**.

I gcás ina bhfuil fadhb ghinearálta theicniúil ag tús am an chomórtais, nó má tá fadhbanna leanúnacha ann leis an logáil isteach, nó i gcás srianta móra eile, iarraimid ort:

- **Fanacht sochair,** tiocfaimid ar réiteach;
- **Féachaint ar** an leathanach Facebook chun nuashonruithe a fheiceáil;
- **Tús a chur leis an aistriúchán ar bhealach éagsúil, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh**:
    - **na buntéacsanna a íoslódáil** a bheidh foilsithe ar shuíomh oifigiúil Juvenes Translatores ag tús am an chomórtais, agus
    - **an t-aistriúchán a dhéanamh in Microsoft Word nó i gclár den chineál sin (déan an t-aistriúchán go leictreonach, ná bí ag aistriú le peann agus pár).**

Ar an gcaoi sin, beidh na rannpháirtithe in ann ceann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- **an t-aistriúchán a chóipeáil agus a ghreamú** ar ardán an chomórtais nuair a réiteofar an fhadhb theicniúil agus an t-aistriúchán a sheoladh trí ardán an chomórtais ar an ngnáthbhealach; nó
- i gcás **nach réiteofar an fhadhb theicniúil roimh dheireadh oifigiúil an chomórtais**, is féidir leis an múinteoir na leaganacha leictreonacha d'aistriúcháin na rannpháirtithe a sheoladh chugainn i ríomhphost agus uaslódálfaidh foireann Juvenes Translatores iad.

Freagróidh foireann Juvenes Translatores ceisteanna agus cuirfidh sí comhairle ar fáil a luaithe is féidir le ríomhphost (DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu) ag gach céim den chomórtas.

6. MEASÚNÚ AR NA hAISTRIÚCHÁIN

Déanfaidh painéal aistritheoirí agus athbhreithneoirí gairmiúla in Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin measúnú ar gach aistriúchán.

Cuirfidh an painéal critéir i bhfeidhm a úsáidtear chun aistriúcháin ghairmiúla a dhéantar in Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin a mheas, mar atá:

- cruinneas an aistriúcháin
- an cumas scríobh go cruinn (gramadach agus úsáid nathanna cainte)
- an cumas scríobh go líofa
- cruthaitheacht na seifteanna aistriúcháin ar baineadh úsáid astu.

Féadfaidh an painéal aon aistriúchán a dhícháiliú má chreideann sé nach ndearnadh faoi dhálaí córa neamhchlaonta é, mar shampla, más cosúil gur úsáideadh uirlisí nach ceadmhach a úsáid sa chomórtas.

I ndiaidh an mheasúnaithe, déanfaidh painéal eile, faoi chathaoirleacht Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin, **an t-aistriúchán is fearr as gach Ballstát** a roghnú. Is cinntí críochnaitheacha iad cinntí an dá phainéal.

Beidh obair agus plé na bpainéal faoi rún. Ní eiseofar marcanna daltaí aonair ná ní chuirfear nótaí tráchta ar fáil le haghaidh gach aistriúcháin aonair.

Féadfar **moladh speisialta** a thabhairt do rannpháirtithe áirithe a raibh a gcuid aistriúchán ar chaighdeán fíor-ard. Cuirfear na múinteoirí lena mbaineann ar an eolas trí ríomhphost tar éis fhógairt na mbuaiteoirí.

Féadfar **teastas rannpháirtíochta** a íoslódáil le haghaidh gach rannpháirtí a chuir aistriúchán isteach. Féadfar **teastas** a íoslódáil freisin don mhúinteoir a d'eagraigh an comórtas don scoil. Seolfar ríomhphost ina mbeidh tuilleadh treoracha chuig gach scoil a ghlac páirt sa chomórtas.

7. FÓGAIRT NA mBUAITEOIRÍ AGUS NA nDALTAÍ DÁ dTUGTAR 'MOLADH SPEISIALTA'

Bíonn an comórtas ann ag **deireadh mhí na Samhna** gach bliain agus fógraítear **na buaiteoirí** i **mí Feabhra na bliana dár gcionn**. Foilseofar a n-ainmneacha agus na haistriúcháin bhuaiteacha ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores, mar aon le liosta na rannpháirtithe dar tugadh **moladh speisialta** as aistriúchán ar chaighdeán fíor-ard a dhéanamh.

D'fhéadfadh sé go gclúdódh na meáin an fógra.

8. SEARMANAS BRONNTA AGUS TURAS 3 LÁ CHUN NA BRUISÉILE

Tabharfar cuireadh do na buaiteoirí, in éineacht le beirt tuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla ar a mhéad agus do mhúinteoir amháin in aghaidh an bhuaiteora, freastal ar thuras 3 lá chun na Bruiséile.

Ní mór tuismitheoir nó caomhnóir dlíthiúil amháin nó beirt tuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla a bheith in éineacht le gach buaiteoir, a ghlacfaidh freagracht iomlán as an mbuaiteoir le linn a dturais chun na Bruiséile. I gcásanna eisceachtúla, nuair nach féidir le tuismitheoirí ná caomhnóirí dlíthiúla teacht in éineacht le buaiteoir, ní mór duine fásta freagrach eile a údaraíonn na tuismitheoirí nó na caomhnóirí dlíthiúla an buaiteoir a thionlacan agus freagracht iomlán a ghlacadh as an mbuaiteoir. Ní mór aon riail nó aon cheanglas náisiúnta taistil de chuid an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha a chomhlíonadh.

Déanfaidh an Coimisiún an taisteal[1], an lóistín agus roinnt béilí a shocrú agus íocfaidh sé astu. Cé is moite den árachas ginearálta a chlúdaíonn cuairteoirí nuair a bhíonn siad i bhfoirgnimh an Choimisiúin, ní shocróidh an Coimisiún aon árachas eile don turas ná don chuairt chun na Bruiséile ná ní íocfaidh sé as. Faoin mbuaiteoir, faoin múinteoir agus faoin tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil tionlacain atá sé na doiciméad taistil a bheidh riachtanach don turas a chur ar fáil.

Seolfaidh foireann Juvenes Translatores foirm cheada chuig scoileanna na mbuaiteoirí, agus ní mór don scoil í **a chur i gcló, a thabhairt do na daltaí agus do na daoine eile** (féach thíos) **lena síniú agus í a chur ar ais** chuig foireann Juvenes Translatores faoin sprioc-am, in éineacht le cóip bhailí de dhoiciméad aitheantais an dalta.

Ní mór do na daoine seo a leanas an fhoirm cheada a shíniú:

- an dalta;
- tuismitheoirí/caomhnóirí an dalta (*má bhíonn an dalta faoi bhun 18 mbliana d'aois tráth an turais chun na Bruiséile*).

Tríd an bhfoirm a líonadh, aontaíonn an dalta agus tuismitheoirí nó caomhnóirí an dalta leis an méid seo a leanas:

- go bhfoilseofar an t-aistriúchán ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores agus gur féidir é a úsáid go hinmheánach in institiúidí an Aontais Eorpaigh i seisiúin oiliúna maidir le conas meastóireacht a dhéanamh ar aistriúcháin;
- go gceadófar don dalta dul chun na Bruiséile don turas 3 lá;
- go bhféadfar grianghraif agus fístaifeadtaí ón searmanas bronnta agus ón gcuairt chun na Bruiséile a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores agus ar na meáin shóisialta.

I ráiteas príobháideachais Juvenes Translatores, sonraítear an chaoi a bpróiseálfar sonraí pearsanta, agus na rialacha cosanta sonraí pearsanta is infheidhme á gcomhlíonadh go docht an tráth céanna.

9. LÉIRMHÍNIÚ AR NA RIALACHA AGUS AR NA TREORACHA

Is léirmhíniú críochnaitheach é léirmhíniú AS an Aistriúcháin ar rialacha an chomórtais.

[1] Íocfaidh an Coimisiún as na costais taistil ó Bhallstáit tionscnaimh na mbuaiteoirí chun a n-óstáin sa Bhruiséil ach ní áirítear leis sin turais ghearra i mBallstát tionscnaimh na mbuaiteoirí, cuir i gcás, turais tacsaí go dtí an t-aerfort/an stáisiún traenach.

An bhfuil tuilleadh eolais uait?

- Suíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores: https://translation.ec.europa.eu/get-involved-european-language-activities-and-initiatives/juvenes-translatores_en?prefLang=ga
- Facebook: https://www.facebook.com/translatingforeurope
- Instagram: https://www.instagram.com/translatingforeurope/
- Seoladh ríomhphoist teagmhála: DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu
- Duine teagmhála Juvenes Translatores i do Bhallstát baile: https://translation.ec.europa.eu/contact-us_en?prefLang=ga